# Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus Measúnaithe Riosca

## Ráiteas um Chumhdach Leanaí

Gaelscoil na Lochanna

Is bunscoil í nGaelscoil na Lochanna a sholáthraíonn oideachas bunscoile do dhaltaí ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

De réir cheanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015, Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus Treoir Tusla maidir leis na Ráitis um Chumhdach Leanaí a ullmhú, chomhaontaigh Bord Bainistíochta Gaelscoil na Lochanna an Ráiteas um Chumhdach Leanaí atá leagtha amach sa doiciméad seo.

1 Tá an Bord Bainistíochta tar éis Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 na Roinne a ghlacadh agus déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm go hiomlán, gan athrú gan leasú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chumhdach Leanaí

2 Is é Seán Ó Cearnaigh (Príomhoide) an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

3 Is í Deirdre Ní Choinceanainn (Leas Príomhoide Gníomhach) an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA)

4 Aithníonn an Bord Bainistíochta go mbaineann cúinsí cosanta agus leasa leanaí trí gach gné de shaol na scoile agus go gcaithfear iad a léiriú i mbeartais, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí uile na scoile. Comhlíonfaidh an scoil, ina cuid beartas, nósanna imeachta, cleachtais agus gníomhaíochtaí, na prionsabail a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil an méid a leanas:

- aithneoidh sí go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar gach breithniú eile;
- comhlíonfaidh sí go hiomlán a hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus comhlíonfaidh sí reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí;
- comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha maidir le cosaint leanaí agus cúrsaí leasa;
- cleachtais shábháilte a ghlacadh chun an fhéidearthacht go dtarlódh díobháil nó timpistí do leanaí a íoslaghdú agus chun oibrithe a chosaint ar an ngá le rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad féin a fhágáil ar oscailt do chúiseamh mí-úsáide nó faillí;
- cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a gcuid leanaí a spreagadh; agus
- meas iomlán a bheith acu ar cheanglais rúndachta agus iad ag déileáil le cúrsaí maidir le cosaint leanaí.

Comhlíonfaidh an scoil na prionsabail thuas freisin maidir le haon scoláire fásta atá faoi leochail speisialta.

5 Tá na nósanna imeachta/bearta seo a leanas i bhfeidhm:

- Maidir le haon bhall foirne atá faoi réir aon imscrúdaithe (cibé mar a thuairiscítear sin) maidir le haon ghníomh, neamhghníomh nó imthoisc i ndáil le leanbh atá ag freastal ar an scoil, comhlíonann an scoil na nósanna imeachta ábhartha atá leagtha amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 agus comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe ábhartha d'fhoireann scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na RO.

- Maidir le roghnú nó earcú foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le leanaí, comhlíonann an scoil ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 agus comhlíonann an scoil an treoir níos leithne maidir le

dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ghrinnfhiosrúcháin agus earcaíochta Garda a d'fhoilsigh an RO agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na RO.

- Maidir le faisnéis, agus, nuair is gá, treoir agus oiliúint, a sholáthar don fhoireann i ndáil le tarlú díobhála a shainaithint (mar a shainmhínítear in Acht 2015) tá an méid a leanas déanta ag an scoil-

  - Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne
  - Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
  - Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Spreagann sí baill an Bhoird Bainistíochta chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
  - Coinníonn an Bord Bainistíochta taifid ar gach oiliúint ar bhaill foirne agus ar bhaill den Bhord

- Maidir le Tusla i ndáil le hábhair imní um chosaint leanaí a thuairisciú, ceanglaítear ar gach duine den phearsanra scoile na nósanna imeachta atá leagtha amach sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017 a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás múinteoirí cláraithe, iad siúd atá sainordaithe chun tuairisciú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- Sa scoil seo tá Duine Idirchaidrimh Ainmnithe ceaptha ag an mBord mar an "duine cuí" (mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite Leanaí 2015) mar an gcéad phointe teagmhála maidir le ráiteas cosanta leanaí na scoile.

- Is daoine sainordaithe iad na múinteoirí cláraithe ar fad atá fostaithe ag an scoil faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

- De réir an Achta um Thús Áite do Leanaí 2015 agus san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí (2019), rinne an Bord measúnú ar aon fhéidearthacht díobhála do leanbh agus é nó í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Tá measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh sa Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

- Is féidir teacht ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile, ar shuíomh gréasáin RO nó cuirfear ar fáil iad arna iarraidh sin ag an scoil.

**Nóta:** Níl an méid thuas beartaithe mar liosta uileghabhálach. Áireoidh na Boird Bainistíochta aonair freisin sa chuid seo cibé nósanna imeachta/bearta eile atá ábhartha don scoil atá i gceist.

6 Foilsíodh an ráiteas seo ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuireadh ar fáil é do gach ball de phearsanra na scoile, do Chumann na dTuismitheoirí (más ann dó) agus don phátrún. Tá sé inrochtana go héasca ag tuismitheoirí agus caomhnóirí ach é a iarraidh. Cuirfear cóip den Ráiteas seo ar fáil do Tusla agus don Roinn má iarrtar sin.

7 Déanfar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an ráiteas seo.

Ghlac an Bord Bainistíochta an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 18/11/24.

Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar an 18/11/24.

Síniú: E.J. Boyd

Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 18/11/24

Síniú: Seán Ó Cearnaigh

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

Dáta: 18/11/24

## Measúnú Riosca um Chumhdach Leanaí

### Measúnú Scríofa ar Riosca maidir le Gaelscoil na Lochanna

De réir alt 11 den Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus de réir cheanglas Chaibidil 8 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017*, seo a leanas an Measúnú Riosca Scríofa ar Gaelscoil na Lochanna.

**1. Liosta de ghníomhaíochtaí na scoile**

- Teacht isteach agus imeacht na ndaltaí go laethúil
- Páistí ag siúl abhaile
- Sosanna áineasa do dhaltaí
- Teagasc sa seomra ranga
- Teagasc duine le duine
- Tacaíocht foghlama duine le duine
- Comhairleoireacht duine le duine
- Gníomhaíochtaí teagaisc lasmuigh
- Teagasc agus foghlaim ar líne ar bhonn cianda
- Sábhailteacht ar line (nua 2024)
- Gníomhaíochtaí Spóirt
    - Peil na mBuachaillí
    - Peil na gCailíní
    - Cispheil na mBuachaillí
    - Cispheil na gCailíní
    - Iomáint
    - Camógaíocht
    - Rith
    - Yoga
    - Spórt le Traenálaí
    - Snámh
- Gníomhaíochtaí Cultúrtha
    - Rince Gaelach
    - Ranganna Iarscoile
- Turais scoile
- Turais scoile lena mbaineann fanacht thar oíche
- Turais scoile lena mbaineann taisteal eachtrach
- Úsáid limistéar na leithreas/na seomraí feistis/na gcithfholcadán i scoileanna
- Áiseanna cónaithe a sholáthar do chónaitheoirí
- Lá Spóirt Bliantúil
- Imeachtaí tiomsaithe airgid ina mbíonn daltaí páirteach
- Úsáid áiseanna lasmuigh den láthair le haghaidh gníomhaíochtaí scoile
- Socruithe iompair scoile lena n-áirítear coimhdeachtaí bus a úsáid
- Cúram leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá,
- Cúram a thabhairt d'aon scoláire leochaileach, lena n-áirítear dlúthchúram pearsanta nuair is gá
- Iompar dúshlánach a bhainistiú i measc daltaí, lena n-áirítear srianadh a úsáid go cuí nuair is gá
- Bainistíocht ar sholáthar bia agus dí
- Riar Leigheas
- Riarachán ar Gharchabhair
- Soláthar curaclaim maidir le OSPS, OCG, Bheith Sábháilte
- Cosc ar an mbulaíocht agus déileáil léi i measc na ndaltaí
- Pearsanra scoile a oiliúint i gcúrsaí um chosaint leanaí
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun cur leis an gcuraclam
- Pearsanra seachtrach a úsáid chun tacú le spóirt agus le gníomhaíochtaí seach-churaclaim eile
- Cúram do dhaltaí a bhfuil leochaileachtaí/riachtanais shonracha orthu amhail

- Daltaí mionlaigh eitneacha/imircigh
    - Le haghaidh daoine den lucht taistil.
    - Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha (LADT)
    - Daltaí a mheastar a bheith ina LADT
    - Daltaí de chreideamh reiligiúnach mionlaigh
    - Leanaí atá faoi chúram
    - Leanaí ar an gCóras Fógartha um Chosaint Leanaí
    - Leanaí a bhfuil riachtanais mhíochaine acu
- Pearsanra scoile a earcú lena n-áirítear -
    - Múinteoirí/CRSanna
    - Airíoch/Rúnaí/Glantóirí
    - Cóitseálaithe spóirt
    - Teagascóirí Seachtracha/Aoi-Chainteoirí
    - Oibrithe Deonacha/Tuismitheoirí i ngníomhaíochtaí scoile
    - Cuairteoirí/conraitheoirí ar scoil le linn uaireanta scoile
    - Cuairteoirí/conraitheoirí i láthair le linn gníomhaíochtaí tar éis scoile
- Rannpháirtíocht na ndaltaí i searmanais reiligiúnacha/teagasc reiligiúnach lasmuigh den scoil
- Úsáid Theicneolaíocht na Faisnéise agus Cumarsáide ag daltaí ar scoil, na meáin shóisialta san áireamh
- Smachtbhannaí a chur i bhfeidhm faoi Chód Iompair na scoile lena n-áirítear daltaí a choinneáil istigh, fóin a choigistiú etc.
- Scoláirí atá rannpháirteach in eispéireas oibre sa scoil
- Scoláirí ón scoil atá rannpháirteach in eispéireas oibre in áiteanna eile
- Múinteoirí faoi oiliúint atá ag tabhairt faoi shocrúchán oiliúna ar scoil
- Físeán/grianghrafadóireacht/meáin eile a úsáid chun imeachtaí scoile a thaifeadadh
- Úsáid áitribh scoile ag eagraíochtaí eile
- Eagraíocht eile ag úsáid áitribh scoile i rith an lae scoile
- Club bricfeasta
- Club obair bhaile/staidéar tráthnóna
- Cúram do pháistí le Riachtanais Speisialta – Riachtanais Dluthphearsanta san áireamh
- Daltaí LADT nó Daltaí a bhraitear le bheith LADT
- Mic Léinn ar Thaithí Oibre/Shocrúchán Scoile
- Imeachtaí Thiomsú Airgid a bhfuil daltaí páirteach iontu
- Bainstíocht ar Iompar Dúshlánach agus Úsáid Srianta nuair is cuí

Earcú Baill foirne na scoile, ina measc;

- Múinteoirí
- CRS
- Airíoch
- Rúnaí
- Glantóirí
- Oiliúnóirí Spóirt
- Teagscóirí Seachtracha
- Aoichainteoirí
- Oibrithe Deonacha
- Tuismitheoirí
- Cuairteoirí ar láthair na scoile le linn an lae
- Conraitheoirí ar láthair na scoile le linn an lae
- Cuairteoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile
- Conraitheoirí ar láthair na scoile tar éis am scoile
- Úsáid TEC ag daltaí na scoile
- Cianfhoghlaim
- Campa Samhradh

**2. Shainaithin an scoil an riosca díobhála a leanas maidir lena gníomhaíochtaí -**

- Riosca díobhála nach n-aithníonn pearsanra na scoile
- Riosca gan díobháil a thuairisciú go cuí agus go pras ag pearsanra na scoile
- Riosca go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadh leanbh eile díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir sa scoil díobháil do leanbh sa scoil
- An baol go ndéanfadh ball de phearsanra na scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile díobháil do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil e.g. turas scoile, ceachtanna snámha
- Riosca díobhála mar gheall ar úsáid mhíchuí a bhaint as ardán cumarsáide cianda teagaisc agus foghlama ar líne mar dhuine gan chuireadh ag rochtain an naisc ceachta, daltaí á bhfágáil gan mhaoirsiú ar feadh tréimhsí fada ama i seomraí ar leithligh
- Riosca díobhála mar gheall ar bhulaíocht linbh
- Riosca díobhála mar gheall ar chiníochas
- Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí ar scoil
- Riosca díobhála mar gheall ar mhaoirseacht neamhleor ar leanaí agus iad ag freastal ar ghníomhaíochtaí lasmuigh den scoil
- Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile
- Riosca díobhála mar gheall ar leanaí rochtain a fháil go míchuí ar ríomhairí, na meáin shóisialta, fóin agus gairis eile agus iad ar scoil
- Riosca díobhála do leanaí RSO a bhfuil leochaileachtaí ar leith orthu, lena n-áirítear leochaileachtaí míochaine
- Riosca díobhála do leanbh agus leanbh faoi chúram pearsanta
- Riosca díobhála mar gheall ar chód iompair neamhleor
- Riosca díobhála i gcás teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine le duine
- Riosca díobhála mar gheall ar bhall de phearsanra scoile cumarsáid a dhéanamh le daltaí ar bhealach míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile
- Riosca díobhála de dheasca ball pearsanra scoile rochtain/scaipeadh a dhéanamh ar ábhar míchuí trí na meáin shóisialta, téacsáil, ar ghléas digiteach nó ar bhealach eile.

***Riosca díobhála agus…. nó…. mar gheall ar…. méid seo a leanas….***

- Páiste ag siúl abhaile gan cead tuismitheora/caomhnóra roimh ré
- Éadaí a athrú - cén áit, cé atá leo, an bhfuil buachaillí/ múinteoirí/ traenálaí ó scoileanna eile ann
- Páistí ag dul ar strae nó le strainséirí
- Páistí le strainséiri in áit nua thar oíche - páistí ar fhóin póca
- Páistí le múinteoir iarscoile
- Páiste/ múinteoir i mbaol, Páistí ag lorg barróg, aird speisialta
- Grianghraif de pháistí á scaipeadh ar an idirlíon
- Daoine nua nach mbeidh traenailte i gceart
- Timpistí leithris agus gan páiste a bheith in ann deilieáil leis iad féin
- Nach mbeadh na scileanna faoi bheith sábhailte múinte i gceart
- Iad a bheith le páistí gan taithí/traenáil acu
- Timpistí sa chlós, iompar páistí ag cur isteach ar a chéile
- Go mbeidh screadaíl, fearg ag cur isteach ar pháiste
- Go mbeidh páiste ann gan tuismitheoir thart ag am Rásaí agus am dul abhaile
- Brú ar pháistí atá ag bailiú airgid
- Go mbeadh baol ann de strainséirí ag caint/ teagmhál le páistí
- Go mbeidh timpist ann nó baol de pháiste ag dul abhaile le strainséir
- Go mbeidh páiste/múinteoir/CRS gortaithe nó ag cur sin ina leith
- Go dtógfadh aon pháiste leigheas gan cead
- Go mbeidh páiste gortaithe gan cabhair ar fáil- agus lámh orthu chun cuidiu leo
- Strainséir sa scoil
- Go mbeidh páistí ag caitheamh tréimhse an fhada (ar líne nó as líne) i suíomhanna baile gan teagmháil le múinteoirí

- Nua 2024 – Go mbeidh páistí ag fáil/roinnt ábhar míoiriúnach ar líne

**3. Tá na nósanna imeachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun dul aghaidh a thabhairt na rioscaí díobhála a shainaithnítear sa mheasúnacht seo -**

- 
    - Cuirtear cóip de *Ráiteas um Chumhdach Leanaí* de chuid na scoile ar fáil do phearsanra uile na scoile
    - Cuirtear na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017* ar fáil do phearsanra uile na scoile
    - Ceanglaítear ar Phearsanra na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017* a chomhlíonadh agus éilítear ar gach ball foirne cláraithe *an tAcht um Thús Áite do Leanaí 2015* agus an tAguisín a ghabhann leis (2019) a chomhlíonadh
    - Cuireann an scoil an Clár maidir le Fanacht Sábháilte chun feidhme go hiomlán
    - Cuireann an scoil curaclam OSPS chun feidhme go hiomlán
    - Cuireann an scoil an Clár Folláine ag an tSraith Shóisearach chun feidhme go hiomlán
    - Tá Beartas Frithbhulaíochta ag an scoil lena gcomhlíontar go hiomlán riachtanais Pholasaithe na Roinne maidir le *Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna*
    - Tugann an scoil faoi thionscnaimh feasachta frithchiníochais
    - Tá polasaí maoirseachta clóis/clós súgartha ag an scoil chun maoirseacht chuí ar leanaí a chinntiú le linn teacht le chéile, imeacht óna chéile agus le linn sosanna agus maidir le limistéir ar leith amhail leithris, seomraí feistis etc.
    - Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil maidir le turais scoile
    - Tá polasaí sláinte agus sábháilteacht ag an scoil
    - Comhlíonann an scoil riachtanais na reachtaíochta maidir le grinnfhiosrúcháin Garda agus ciorcláin ábhartha ROS i ndáil le hearcaíocht agus grinnfhiosrúchán Garda
    - Tá cóid iompair ag an scoil do phearsanra scoile (foireann teagaisc agus neamhtheagaisc)
    - Comhlíonann an scoil na nósanna imeachta araíonachta comhaontaithe don fhoireann teagaisc
    - Tá polasaí um Riachtanas Oideachais Speisialta ag an scoil
    - Tá beartas/plean maidir le dlúthchúram pearsanta ag an scoil maidir le daltaí a dteastaíonn cúram den sórt sin uathu
    - Tá beartas agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cógais a thabhairt do dhaltaí
    - Maidir leis an scoil:
- Chuir sí cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball d'fhoireann na scoile
- Cinntíonn sí go gcuirtear cóip de Ráiteas um Chumhdach Leanaí na scoile ar fáil do gach ball foirne nua
- Spreagann sí baill foirne chun leas a bhaint as oiliúint ábhartha
- Spreagann sí baill an bhoird bainistíochta leas a bhaint as oiliúint ábhartha
- Coinníonn sí taifid ar gach oiliúint foirne agus ball boird
    - Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun Garchabhair a riar
    - Tá cód iompair i bhfeidhm ag an scoil do dhaltaí
    - Tá Polasaí Úsáide Inghlactha i bhfeidhm ag an scoil, lena n-áirítear soláthar teagaisc agus foghlama ar líne ar bhonn cianda, agus tá an beartas sin curtha in iúl do thuismitheoirí
    - Tá beartas i bhfeidhm ag an scoil lena rialaítear úsáid fóin chliste agus gairis táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018
    - Tá Plean Bainistíochta um Theagmhais Chriticiúla i bhfeidhm ag an scoil
    - Tá polasaí maidir le Teagmhálaí Baile agus Scoile agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag an scoil
    - Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun daoine seachtracha a úsáid chun seachadadh an churaclaim a fhorlíonadh

  - Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil chun cóitseálaithe spóirt seachtracha a úsáid
  - Tá polasaí agus nósanna imeachta soiléire i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh gníomhaíochtaí teagaisc duine le duine
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil le haghaidh comhairleoireachta duine le duine
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le socrúcháin d'ábhair mhúinteoirí
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le mic léinn atá i mbun taithí oibre sa scoil
- Tá polasaí agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an scoil maidir le daltaí na scoile atá i mbun taithí oibre in eagraíochtaí seachtracha.

***Nósanna imeachta breise atá i bhfeidhm do....***

**Siúl Abhaile**

- Seicliosta (nó glao gutháin) le seiceáil an bhfuil cead ag an páiste siúl abhaile. (Ní mholtar é do pháistí níos óige ná Rang 2).

**Spóirt**

- Cailíní + buachailli a scaradh chun éadaí a athrú roimh agus tar éis cluiche. (Halla scoile/leithreas mar áit gleasadh). Feitheoir taobh amuigh den seomra (ar scoil). Gan páistí a chur le páistí/feitheoirí scoil eile gan feitheoir ón scoil againne ann chomh maith.
- Clogad ar gach imreoir mar riail scoile+ stóráil ceart ar an bhfearas

**Turais Scoile**

- Rialacha faoi dul ar bhus i bhfeidhm
- Fón agus liosta teagmhála ar gach turas
- Bosca gar chabhrach ar gach turas.
- Crois sabhála agus comhaireamh ar gach páiste roimh thaisteal. Suíochán an Bhus a líonadh ón mbun go barr le múinteoir ann roimh na páistí
- Riail faoi choimheas 1:16 i bhfeidhm (feitheoir : páistí).
- Gan dul ar thuras i gcarr aon duine - bus eagraithe ag an scoil amháin ceadaithe
- Rialacha faoi líne i bhfeidhm (beirt le beirt, péire roghnaithe le bheith ag barr gach líne agus bun gach líne, ard ranganna le bun ranganna más chuí)

**Siúl taobh amuigh de thalamh na scoile**

- Riail faoi choimheas 1:16, Rialacha an "line" i bhfeidhm

**Turas Rang 6 Thar Oíche**

- Riail faoi choimheas 1:16 i bhfeidhm (feitheoir : páistí).
- Gan dul ar thuras i gcarr aon duine - bus eagraithe ag an scoil amháin ceadaithe
- Rialacha faoi líne i bhfeidhm (beirt le beirt, peire roghnaithe le bheith ag barr gach líne agus bun gach líne)
- Foirm ceada na dtuistí a bheith ar ais roimh thaisteal agus a chinntiú leis an ionad go bhfuil nósanna imeachta cosaint leanaí i bhfeidhm acu.
- Plean seomra leapa agus feitheoireachta don oíche mar chuid den eagrúcháin.
- Rialacha an turais pléite roimh ré (le litir mínithe do thuistí).
- Fóin na bpáistí- cead uair a chloig ar an turas bus chun éisteacht le ceol, bailithe ansin ag an múinteoir, tugtha dóibh sa thrathnóna chun glaoch abhaile a dhéanamh, bailithe arís agus tugtha dóibh uair a chloig ar an mbus chun éisteacht le ceol faoi stiúr múinteora.

**Rince Gaelach**

- Rialacha ceapacháin i bhfeidhm (Stat declaration, form of undertaking, reamhscrúdú na ngardai sásúil nochtaithe don bhord). Rialacha ranganna iarscoile i bhfeidhm

**Spóirt le traenálaí**

- Múinteoir i láthair ag gach ceacht atá i rith am scoile
- Rialacha ceapacháin i bhfeidhm

**Snámh**

- Tuistí le Garda vetting a bheith mar fhéitheoir chun cuidiú le múinteoir
- Rialacha an linn snámha/polasaí snamha pléite lena páistí/ tuistí roimh ré
- Conradh idir linn agus scoil ann roimh ré
- Cuntóir snámha a bheith lena páistí
- Gan tuistí/ feitheoirí múinteoirí a bheith sna seomra gléasta
- Gan fóin a bheith ag páistí
- Cosc ar gghraif de pháistí ag linn snámha

**Obair Tacaíocht Foghlama**

- Rialacha faoi spás ceart a mhíniú do pháistí
- Grupaí thar páistí aonair ag teacht amach as seomra ach cead PO agus tuistí a fháil roimh ré roimh pháiste a thógail go haonarach nuair is cuí.

**Grianghraif ar scoil**

- Tá polasaí GGhraif ann
- Grúp phictiúr (5 pháiste) amháin ceadaithe gan ainmneacha luaite- iad a sheoladh go PO agus ansin a scriosadh
- Polasaí scoile AUP i bhfeidhm
- Ní théann gghraif riamh ar Facebook na scoile ach cead ar Twitter na scoile
- Grianghraif réamhcheadaithe ceadaithe ar Instagram
- Tuistí le cead a lorg ag ócáidí scoile poiblí grianghraif páiste clann eile a ghlacadh
- An curchuige ná Oideachas a scaipeadh faoi dhea chleachtas seachas cosc iomláin

**Traenáil Foirne i gCosaint Leanaí**

- Traenáil ar gach ball foirne faoi chosaint leanaí le déanamh
- Am curtha ar leataobh chun ionduchtú a dhéanamh le haon duine nua ar an bhfoireann ar an bpolasaí/nósanna imeachta

**Múineadh 1:1**

- Le cead PO agus tuistí

**Leithris**

- Beirt bhall foirne i láthair chun cuidiú mura bhfuil páiste neamhsplach
- Leithris a ranga a úsáid (nó ceann sinsireach nuair ata paistí sa chlós sinsireach)

**Soláthar Curaclaim - OSPS, OCG agus Bí Sábháilte san áireamh**

- Plean scoile + Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an abhair (dualgas ar gach múinteoir).
- Foirm le síniú ag múinteoirí tar éis Bí Sábháilte a chur i gcrích agus nochtaithe don Bhord.

**Dálta ar Thaithí Oibre**

- Múinteoir ranga leo i gcónaí - bileog le rialacha um chosaint Leanaí tugtha dóibh le síniú

**Am Lóin**

- Feitheoireacht cothrom ar pháistí ar an dá clós (le CRS i láthair lena páistí)
- Tuairisc ar thimpistí le líonadh

**Múinteoir Ranga**

- Córas iompair scoile agus ranga atá faomhaithe ag an mBord PO ann

**Lá Spóirt**

- Gan a bheith linn féin le páiste aonair- gnáthrialacha faoi stiúradh na páistí abhaile i bhfeidhm

**Gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid le leanaí páirteach ann**

- Duine fásta faomhaithe a chur i gceannas ar aon tiomsú (de ghnáth duine ó Choiste na dTuistí nó Múinteoir)

**Úsáid acmhainní taobh amuigh den scoil**

- An áit a fhágáil mar a bhí ag an tús agus páistí a bheith faoi stiúr múinteora

**Sochrúchán Taistil**

- Rialacha an bhus, charrchlóis, síníu amach luath i leabhar san oifig i bhfeidhm agus córas na línte/bailiú ag dul amach (is fearr seiceáil leis an caomhnóir agus páiste má tá eiginnteacht).
- Rialacha meabhraithe/nua do thuistí anseo (teacht go geata na scoile chun páistí a bhailiú, gan páistí a bheith thart gan feitheoireacht tar éis scoile + roimh scoile, teacht isteach le páistí má bhíonn ar pháiste filleadh don leithreas/cóta a bhailiú/aonach na Leabhar srl.)

**Déileáil le iompar dúshlánach agus teicnící srianta más gá**

- Áit roghnaithe agus bealach comhaontaithe idir clann agus scoil faoi conas seo a láimhseáil (mar chuid de phlean aonair an pháiste)

**Leigheas a thabhairt**

- Polasaí againn chuige seo

**Garchabhair**

- Riail- gan bheith leat féin le páiste i bhfeidhm
- Bosca garchabhair i ngach seomra
- Gearradh tríd riteoga- bíonn ar an bpáiste riteoga a bhaint ar dtús iad féin sa leithreas.
- Glaoch ar thuisti i gcás aon bhaol

**Déileáil le Bulaíocht**

- Polasaí Frithbhulaíochta/Iompair sa scoil

**Daoine seachtracha ar scoil ag múineadh ábhair curaclaim**

- Réamhscrúdú na ngardaí cinntithe leo agus muinteoir leo i gcónaí sa rang

**Earcú foirne**

- Córas Earcú ceart ag an scoil
- Réamhscrúdu na nGardaí sasúil
- Form of Undertaking
- Statutory Declaration
- Fianaise de Chúrsa cosaint Leanaí bheith déanta
- Conradh idir bord agus fostaithe eile
- Leabhar síníu isteach do gach cuairteoir/comraitheoir

**Úsáid foirgneamh scoile ag daoine eile le linn uaireanta scoile**

- Conradh i bhfeidhm idir scoil agus iad ag cinntiú deachleachtais nósanna imeachta an Chosaint Leanaí
- Leabhar síniú amach/isteach

**Páistí ag úsáid T.F.C.**

- Polasaí AUP i bhfeidhm

- Cead an mhúinteora a lorg chun dul ar idirlíon agus i gconaí faoi stiúr an oide. Smachtbhanna: folaireamh scríofa agus ansin ipad etc a bhaint agus tuistí a chur ar an eolas.

**Smachtbhannaí mar chuid den chód iompair, teagmhais a thaifeadadh, glaonna guthtáin srl**

- Múinteoir APII ag bailiú an teolas gach Aoine
- Múinteoirí ag coinneáil taifid pearsanta ar eachtraí/ glaonna/cruinnithe

**Físeáin/meáin eile a úsáid chun imeachtaí scoile a thaifeadadh**

- Foilsithe de réir foirm ceada bliaintúil, faomaithe ag an PO/LPO ar dtús (taifead ar páistí i ngrupaí)
- An Polasaí atá againn a fhógairt agus oideachas faoi a scaipeadh go tuistí agus páistí le fóin

**Úsáid foirgnimh ag daoine seachtracha lasmuigh d'uaireanta scoile**

- Conradh i bhfeidhm roimh ré

**Cianfhoghlaim**

- Má bhíonn an scoil ar an eolas faoi aon pháiste i mbaol déanfar dul i dteagmháil le Tusla
- Riail i gcoinne seo a shoileiriú (gan aon chruinniú aon go haon idir múinteoirí agus páistí ceadaithe agus tuiste i láthair más ghá

**Sábháilteacht ar líne**

- Beidh na gléasanna faoi bhainistíocht/chosaint go lárnach
- Rithfidh an scoil ceachtanna/cainteanna bunaithe ar shábháilteacht ar líne gach bliain (Feabhra)

**Nóta Tábhachtach:** Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo agus an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear san Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gCaibidil 4 de na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017*

Agus an measúnú riosca seo á dhéanamh aige, rinne an bord bainistíochta a dhícheall na rioscaí díobhála atá ábhartha don scoil seo a shainaithint agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach riosca a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéad is féidir.

Tá an measúnú riosca seo curtha i gcrích ag an mBord Bainistíochta ar an 18/11/24. Déanfar é a athbhreithniú mar chuid d'athbhreithniú bliantúil na scoile ar a Ráiteas um Chumhdach Leanaí.

Síniú: E.J. Boyd                    Dáta: 18/11/24

An Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Síniú:                    Dáta: 18/11/24

An Príomhoide/Rúnaí an Bhoird Bainistíochta

**Samplaí de ghníomhaíochtaí, rioscaí agus nósanna imeachta**

Cuirtear na samplaí atá liostaithe sa doiciméad seo ar fáil chun cabhrú le scoileanna a measúnú riosca a dhéanamh faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015. Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist go mbeadh an liosta samplaí seo uileghabhálach. Tá sé de fhreagracht ar gach scoil a chinntiú, a mhéad is féidir, go ndéantar aon rioscaí agus nósanna imeachta eile atá ábhartha dá cúinsí áirithe féin a shainaithint agus a shonrú sa mheasúnú riosca

i scríbhinn agus go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar gach riosca a shainaithnítear.

Aithnítear go bhfuil réimse beartas, cleachtas agus nósanna imeachta i bhfeidhm cheana féin ag scoileanna chun an riosca díobhála do leanaí a mhaolú agus iad ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí na scoile agus go mbeidh rioscaí díobhála íseal nó íosta ag baint le roinnt gníomhaíochtaí scoile i gcomparáid le gníomhaíochtaí eile. I gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca a chaithfidh scoileanna a dhéanamh, tagraítear san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 do riosca mar "aon fhéidearthacht le haghaidh díobhála". Dá bhrí sin, is tábhachtach, mar chuid dá próiseas measúnaithe riosca, go ndéanann gach scoil a gcuid gníomhaíochtaí éagsúla a liostú agus a athbhreithniú (lena n-áireofar iad siúd a bhféadfadh riosca íseal díobhála a bheith ag baint leo a shainaithint chomh maith leo siúd a bhfuil rioscaí díobhála níos airde ag baint leo). Tríd an méid sin a dhéanamh cabhrófar leis an scoil (1) aon rioscaí díobhála a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le gníomhaíochtaí na scoile a shainaithint, mar a cheanglaítear faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, (2) leordhóthanacht na nósanna imeachta éagsúla atá ann cheana a shainaithint agus a mheas chun na rioscaí díobhála sin a bhainistiú agus (3) aon nósanna imeachta breise a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a mheastar a bheith riachtanach chun aon riosca a shainaithnítear a bhainistiú.

Soiléirítear san Aguisín a ghabhann le Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí a foilsíodh i mí Eanáir 2019 gur cheart d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí ábhartha do leanaí smaoineamh ar shaincheist shonrach na sábháilteachta ar líne agus a measúnú riosca á dhéanamh acu agus a Ráiteas um Chumhdach Leanaí á ullmhú.

Sa Treoir maidir le Leanúnachas na Scolaíochta tugtar comhairle do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna (Aibreán 2020) maidir leis an tábhacht a bhaineann le múinteoirí úsáid shábháilte agus eiticiúil as an idirlíon a choinneáil le linn na cianfhoghlama agus cabhrú le tuismitheoirí agus caomhnóirí a bheith feasach ar a ról freisin. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go gcuireann a mBeartas um Úsáid Inghlactha (BUI) bonn eolais faoi ghníomhaíochtaí cianfhoghlama.

Nóta Tábhachtach: Ba cheart a thabhairt faoi deara gur ionann riosca i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca seo an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é san Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus ní mar riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Tá an sainmhíniú ar dhíobháil leagtha amach i gcaibidil 4 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-Bhunscoileanna 2017.